IONSTRAIMÍ REACHTÚLA.

I.R. Uimh. 732 de 2007

NA RIALACHÁIN UM SHÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR (FEIDHM GHINEARÁLTA) (LEASÚ) 2007

(Prn. A7/1891)

I.R. Uimh. 732 de 2007

NA RIALACHÁIN UM SHÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR (FEIDHM GHINEARÁLTA) (LEASÚ) 2007

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 58 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 (Uimh. 10 de 2005) agus leis an Ordú Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (Tarmligean Feidhmeanna Aire) (Uimh. 3) 2005 (I.R. Uimh. 561 de 2007), agus tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, déanaimse, BILLY KELLEHER, an tAire Stáit ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, na rialacháin seo a leanas—

1. (1) Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú), 2007 is teideal do na Rialacháin seo.

(2) Tagann na Rialacháin seo i ngníomh an 12 Samhain 2007.

2. Leasaítear na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 (I.R. Uimh. 299 de 2007) mar seo a leanas:

(*a*) i Rialachán 27, trí ionadú a dhéanamh ar an sainmhíniú le haghaidh "crochán nó ardaitheoir" leis an sainmhíniú seo a leanas:

ciallaíonn "'crochán nó ardaitheoir' meaisín ardaithe a bhfuil a threo gluaiseachta srianta ag treoraí nó treoraithe ach, chun críche na Caibidle seo, ní áireofar iad seo a leanas—

(*a*) gabhaltrucail, bainteoir orduithe, trucail réimse athraíoch fhéinghluaiste nó aon trealamh den chineál seo,

(*b*) ardaitheoirí ardáin le húsáid ag daoine maolgluaiste,

(*c*) trealamh ardaithe atá beartaithe go mbainfeadh taibhseoirí úsáid as, ar taibhseoirí iad a ardaíonn le linn a dtaibhléirithe ealaíne, nó

(*d*) trealamh ardaithe atá suiteáilte i modhanna iompair;"

(*b*) Rialachán 80 a ionadú leis seo a leanas:

"Cosaint ar thurraing leictreach faoi fhabhtchoinníollacha.

80. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) go nglacfar réamhchúraimí, trí—

(i) thalmhú a dhéanamh agus dícheangal uathoibríoch an tsoláthair leictreachais, nó

Foilsíodh fógra faoi dhéanamh na hIonstraime Reachtúil seo in "Iris Oifigiúil" an 9ú Samhain, 2007.

(ii) modhanna iomchuí eile,

chun contúirt a chosc a eascródh ó aon chuid sheoltach nochta a éireodh beo, agus

(*b*) gach ciorcad leictreach, a sholáthraíonn—

(i) feistí leictreacha chun uisce a théamh,

(ii) cithfholcadáin a théitear go leictreach, agus

(iii) caidéil do chithfholcadáin a oibrítear go leictreach,

atá lonnaithe i limistéar (1), mar a shainmhíníonn Comhairle Leictri-Theicniúil na hÉireann i "Rialacha Náisiúnta um Shuiteálacha Leictreachais", de sheomraí in áit oibre a bhfuil folcadán nó báisín cithfholcadáin, go gcosnófar iad ag feiste srutha iarmharaigh a bhfuil sruth tuisleach aige nach dtéann thar 30 miollaimpéar a oibríonn laistigh de thréimhse ama a sholáthraíonn an chosaint riachtanach leis an gcontúirt a chosc i leith aon duine a thagann i dteagmháil dhíreach nó neamhdhíreach le haon chuid bheo den chiorcad.",

(*c*) i Rialachán 81, trí ionadú a dhéanamh ar mhír (4) leis seo a leanas:

"(4) Áiritheoidh fostóir—

(*a*) nach n-úsáidfear trealamh iniompartha atá soláthraithe ag voltas thar 125 volta de shruthú ailtéarnach, seachas claochladáin agus gineadóirí iniompartha—

(i) d'obair thógála,

(ii) do ghníomhaíochtaí seachtracha cairéalaithe, nó

(iii) i suíomhanna taise nó srianta,

ach amháin má tá a ghrádú thar 2 aimpéar cileavoltr,

(*b*) nach n-úsáidfear lampaí iniompartha atá soláthraithe ag voltas thar 25 volta de shruthú ailtéarnach díreach nó 50 voltas de shruthú díreach—

(i) d'obair thógála,

(ii) do ghníomhaíochtaí seachtracha cairéalaithe, nó

(iii) i suíomhanna taise nó srianta,

(*c*) i gcás go n-úsáidtear claochladán nó gineadóir le leictreachas a sholáthar chuig trealamh iniompartha de voltas atá os

cionn 25 volta, ach faoi bhun 125 volta, de shruthú ailtéarnach go gceanglófar an pointe neodrach (réalta) de na tochráin thánaisteacha i gclaochladáin agus gineadóirí trí phas, nó lárphointe na dtochrán tánaisteach i gclaochladáin agus gineadóirí aon phas, leis an talamh agus i gcás claochladán beidh siad den chineál déthochráin aonríoch."

(*d*) i Rialachán 89, trí ionadú a dhéanamh ar mhír (*b*) leis seo a leanas:

"(*b*) go ndéanfaidh duine inniúil suiteáil leictreach atá ann cheana féin a thástáil ar bhealach iomchuí—

(i) ó am go chéile más gá le haird ar chineál, suíomh agus úsáid na suiteála, nó

(ii) má éilíonn cigire é,

agus go gcuirfeadh an duine inniúil atá i mbun na tástála tuarascáil i gcrích,"

(*e*) Rialachán 90 a ionadú leis seo a leanas:

"Cosaint talamhligin le haghaidh voltais níos airde.

90. Áiritheoidh fostóir, a mhéid is indéanta go praiticiúil, go soláthrófar modh éifeachtach i ndáil le haon chiorcad le voltas níos airde d'fhonn contúirt a chosc ar contúirt í a eascródh as ligean srutha chun talún",

(*f*) trí Rialachán 102 a ionadú leis an méid seo a leanas:

"Cobhsaíocht an struchtúir thaca.

102. Áiritheoidh fostóir go mbeidh struchtúr taca—

(*a*) oiriúnach agus den neart agus doichte leordhóthanach chun na críche a bhí beartaithe eá úsáid,

(*b*) i gcás struchtúir seachas struchtúr soghluaiste, go gcuirfear cosc ar a ghluaiseacht trí thaisme le linn oibre ar airde trí úsáid a bhaint as feistí iomchuí,

(*c*) i gcás struchtúir seachas struchtúr soghluaiste, go gcuirfear cosc ar a shleamhnú trí fhorbhall daingean ceangailte leis an dromchla imthaca nó le struchtúr eile, trí fheiste éifeachtach fhrithshleamhnánach a sholáthar, nó ar bhealach eile arb ionann a éifeacht,

(*d*) cobhsaí fad is atá sé á chur suas, á úsáid agus á bhaint anuas, agus

(*e*) i gcás go ndéanfar athrú nó modhnú, go bhféachfar chuige go ndéanfar athrú agus modhnú air sa chaoi is go bhfanfaidh sé cobhsaí.",

(*g*) i Rialachán 131, trí ionadú a dhéanamh ar mhír (1) leis seo a leanas:

"(1) Gan dochar d'alt 22 den Acht, déanfaidh fostóir na nithe seo a leanas—

(*a*) a chinntiú go gcuirfear an faireachas sláinte iomchuí ar fáil d'fhostaithe ar chuir measúnú baoil dá dtagraítear i Rialachán 124 in iúl go bhfuil baol ann dá sláinte, agus

(*b*) gan dochar do ghinearáltacht mhír (*a*)—

(i) i gcás fosaithe a sáraíonn a dteagmhais faoi lé an t-uasghníomhluach teagmhas faoi lé, seirbhísí cleachtóirí cláraithe leighis a sholáthar dóibh, nó tástáil éisteachta a fháil faoina bhfreagracht, agus

(ii) i gcás fosaithe a sáraíonn a dteagmhas faoi lé an t-íosghníomhluach, tástáil choisctheach chlosmhéadrachta a sholáthar dóibh.",

(*h*) i Rialachán 141, trí mhír (8) a scrios,

(*i*) i Regulation 144, trí ionadú a dhéanamh ar mhír (*d*) leis an méid seo a leanas:

"(*d*) alt 18 den Acht a chur i gcuntas agus bearta cosantacha agus coisctheacha á nglacadh i gcomhréir le mír (*b*) agus i ndáil le pleanáil le haghaidh na mbeart agus á bhfeidhmiú d'fhonn monatóireachta agus cosaint a dhéanamh ar shábháilteacht agus sláinte linbh nó duine óig, agus",

(*j*) i Rialachán 158, trí scrios a dhéanamh ar an sainmhíniú le haghaidh "clár comhartha forlíontach" áit a gcéadluaitear é idir na sainmhínithe le haghaidh "comharthaí sábháilteachta nó sláinte" agus "clár comharthaí", agus

(*k*) i Sceideal 1, trí ionadú a dhéanamh ar Chuid C leis seo a leanas:

"Cuid C — Imthosca a éilíonn tástáil a dhéanamh ar threalamh ardaithe mar chuid de mhionscrúdú

Colún 1	**Colún 2**
Cur Síos ar an Trealamh	*Tréimhse ina gcaithfear an tástáil a dhéanamh nó dálaí faoina gcaithfear an tástáil a dhéanamh*
Gach trealamh ardaithe	Tar éis athrú substainteach nó deisiúchán a mbeadh tionchar aige ar a neart agus ar a chobhsaíocht
Trealamh daingnithe ardaithe	Roimh a chéad úsáid
Túrchraein	Tar éis é a chur suas
Craein shoghluaiste	Gach 4 bliana
Crann tochrais	Gach 4 bliana
Craein féintógála	Tar éis é a chur in airde agus roimh a chéad úsáid ar a suíomh agus tar éis aon athraithe ar a chumraíocht agus ar a dhálaí tacaíochta
Bloc ulóige, roth ulóige, cosa snasta a úsáidtear le hualaigh de mheáchan 1,000 Cileagram nó níos mó	Roimh a gcéad úsáid

".

ARNA thabhairt faoi mo láimh,
5 Samhain 2007.

BILLY KELLEHER,
An tAire Stáit ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

NÓTA MÍNIÚCHÁIN

(Ní cuid den Ionstraim an nóta seo agus ní airbheartaíonn sé bheith ina léiriú dlíthiúil).

Déanann na Rialacháin seo leasú ar na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (I.R. Uimh. 299 de 2007) trí—

(i) leasú a dhéanamh ar an sainmhíniú le haghaidh "crochán agus ardaitheoir" i Rialachán 27 ionas go bhfágfaí ar lár "ardaitheoirí ardáin le húsáid ag daoine maolgluaiste", "trealamh ardaithe atá beartaithe go mbainfeadh taibhseoirí úsáid as, ar taibhseoirí iad a ardaíonn le linn a dtaibhléirithe ealaíne" agus "trealamh ardaithe atá suiteáilte i modhanna iompair" i ndáil le feidhm cheanglais Rialachán 46 maidir le crocháin agus ardaitheoirí,

(ii) mír (*b*) de Rialachán 80 a scrios i ndáil le cosaint in aghaidh turraing leictreach i bhfabhtchoinnollacha,

(iii) mír nua (4)(*c*) a chur in ionad mhír (4)(*c*) chun soiléireacht theicniúil a thabhairt i ndáil le trealamh iniompartha,

(iv) mír nua a chur in ionad mhír 89(*b*) i ndáil le tástáil suiteálacha leictreacha atá ann cheana féin,

(v) frása nua "a mhéid is indéanta go praiticiúil" a chur isteach i Rialachán 90,

(vi) uimhriú an ailt a cheartú i Rialachán 102,

(vii) mír nua a chur in ionad mír (1) i Rialachán 131 i ndáil le faireachas sláinte a bhaineann le rialú torainn ag an obair;

(viii) mír (8) a scrios i Rialachán 141 i ndáil le taifid sláinte a bhaineann le tonnchrith ag an obair,

(ix) tagairt na míre a cheartú i Rialachán 144(*d*),

(x) an sainmhíniú iomarcach le haghaidh "clár comhartha forlíontach" a scrios i Rialachán 158,

(xi) Cuid C nua a chur isteach i Sceideal 1 a ghabhann le I.R. Uimh. 299 de 2007 i ndáil leis na himthosca a éilíonn tástáil a dhéanamh ar threalamh ardaithe mar chuid de mhionscrúdú.

Wt. (B24672). 35. 1/10. Cahill. Gr.30-15.